

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Report on protected disclosures for the period
1 January to 31 December 2023

Cúlra

Forálann an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (an tAcht um Nochtadh Cosanta) cosaint d'oibrithe ar dhífhostú nó ar aimhleas eile a fulaingíodh mar thoradh ar a n-imní a ardú maidir leis an méid a chreideann siad le réasún gur éagóiríthe féideartha iad a tháinig ar a n-aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Leagtar amach san Acht um Nochtadh Cosanta roinnt bealaí inar féidir nochtadh a dhéanamh – mar shampla, d'fhostóir duine agus, i gcúinsí ábhartha, do dhuine seachtrach 'forordaithe'.

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina bhfuil deimhniú go bhfuil bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus, de réir mar is infheidhme, bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha i bhfeidhm, mar aon le sonraí faoi oibriú na mbealaí seo sa bhliain fhéilire roimhe sin. Níor cheart go mbeadh daoine a dhéanann nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil.

Clúdaíonn an tuarascáil seo faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta an tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023.

Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Molann an Oifig tuairisciú inmheánach ar aon éagóir agus feidhmíonn sí beartas 'Labhairt amach' le haghaidh tuairisciú den sórt sin. Tá faisnéis mionsonraithe d'oibrithe (mar a shainmhínítear san Acht) maidir le conas 'Labhairt amach' faoi rún agus ar an eolas go ndéanfar imscrúdú críochnúil, cothrom agus gan díoltas ar fáil inár bpolasaí 'Labhairt amach', atá ar fáil [anseo](#).

Nochtadh cosanta a fuarthas chuig bealach inmheánach Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in 2023

Ní bhfuarthas aon nochtadh in 2023 (2022: tuarascáil amháin) maidir le héagóir líomhnaithe ar thaobh ball foirne d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tugadh ábhar tuairiscithe amháin anonn ón mbliain roimhe sin a ndearna ball sinsearach den fhoireann athbhreithniú air de réir an nós imeachta atá leagtha amach i mbeartas 'Labhairt amach' na hOifige.

Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht maidir le héagóir líomhnaithe a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí, nó le hábhair a bhaineann le luach ar airgead i leith eintiteas a thagann faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ainmnithe freisin in alt 17 den Acht um Nochtadh Cosanta mar an duine seachtrach ar féidir le hoibrithe nochtadh cosanta a dhéanamh leis ina bhfuil faisnéis cáiniocóirí.

Tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha neamhspleácha agus uathrialacha i bhfeidhm chun déileáil le nochtuithe cosanta don bhliain féilire 2023. Tá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun nochtadh a dhéanamh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus faoin gcaoi a láimhseáiltear nochtadh den sórt sin, ar fáil [anseo](#).

Ní féidir aon nochtadh a fhaigheann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe a imscrúdú agus a thuairisciú ach amháin ar bhealach atá comhsheasmhach le ról, cearta reachtúla agus dualgais a Oifige agus atá oiriúnach don ról sin, m.sh.

- mar chuid d'iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais bhliantúla laistigh dá shainchúram
- trí chigireacht arna déanamh faoi fhorálacha alt 8 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 nó
- trí scrúdú a rinneadh faoi alt 9 d'Acht 1993.

Ní thugann an tAcht um Nochtadh Cosanta aon chumhacht ghinearálta ná ar leithligh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun nochtadh a fhaightear a imscrúdú agus/nó chun tuairisciú a dhéanamh ar nithe den sórt sin ar leithligh ó na feidhmeanna reachtúla atá leagtha amach thuas.

Nochtadh cosanta a fuair an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe in 2023

In 2023, bhí 28 tuarascáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi éagóir líomhnaithe gur dúradh gur tháinig sé ar aird na dtuairisceoirí i gcomhthéacs a bhain leis an obair agus a bhain le comhlachtaí a bhí faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2022: 13 tuarascáil).

Bhí dhá cheann déag de na 28 tuarascáil a fuarthas in 2023 gan ainm (2022: cúig tuarascáil). Cé nach raibh aon fhianaise ann chun stádas na ndaoine tuairiscithe mar oibrithe a dheimhniú, glacadh leo ar aghaidhluach mar oibrithe (mar a shainmhínítear san Acht).

Fuair 36 tuarascáil san iomlán (lena n-áirítear 24 cinn a fuarthas i rith na bliana) gníomh leantach le linn 2023. Cuireadh na tuarascálacha seo faoi bhráid na foirne

iniúcháireachta ábhartha le cur san áireamh, de réir mar is cuí, agus obair iniúcháireachta ina dhiaidh sin á pleanáil i ndáil leis an gcomhlacht(aí) ábhartha. Dúnadh an gníomh leantach a rinneadh ar dheich dtuarascáil sa bhliain fhéilire. Ba é 50 seachtain meántearma na ngníomhaíochtaí leantacha a dúnadh sa bhliain fhéilire (airmheán 49 seachtain). Tagraíonn gníomhartha leantacha, i gcomhthéacs obair Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, do nithe a bhreithnítear mar chuid d'iniúchtaí bliantúla ar ráitis airgeadais agus, dá bhrí sin, ar an meán, bíonn timthriall iniúchta amháin ar a laghad i gceist.

25 Márta 2024